C/2026/4133

29.7.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/4133)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143 le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Ceylon tea’

Uimh. AE: PGI-LK-03352 — 25.9.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Ceylon tea’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

PDO ☐ PGI ☒

3. **An tríú tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

Srí Lanca

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

09 02 Tae, cibé acu atá blas curtha leis nó nach bhfuil

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Tagann ‘Ceylon tea’ ó dhuilleoga úra, bachlóga, agus gais bhoga *Camelia sinensis L.* Faightear ‘Ceylon tea’ ó dhuilleoga tae úra ardcháilíochta a fhástar sa limistéar geografach sainithe, ar oileán Shrí Lanca. Baintear na duilleoga i rith na bliana uile, i réigiúin agus i séasúir éagsúla: níl aon tréimhse shuanach ann. Cuirtear caighdeáin chluimhrithe in oiriúint don inathraitheacht shéasúrach sin, ach níor cheart ach péacáin shláintiúla tae a chluimhriú. Cuirtear ‘Ceylon tea’ ar an margadh mar a leanas:

Tae dubh duilleach traidisiúnta; tae dubh traidisiúnta-Rotorvane; tae gearrtha, stróicthe agus lúbtha

Ó amhairc, tá cuma ghlan agus néata ar ‘Ceylon tea’ dubh traidisiúnta, ag brath ar na gráid inmhianaithe. Bíonn fordhath dubh inmhianaithe le feiceáil ar na duilleoga tirime. D’fhéadfadh bioranna míne a bheith le feiceáil i ngráid áirithe. Is minic a bhíonn struchtúr catach, dea-chasta ar ghráid slánduilleacha. Tá struchtúr cothrom agus dea-dhéanta nó déanta go cothrom i ngráid mionaithe, de réir na téarmaíochta a úsáideann blastóirí tae. Bíonn uigeachtaí cothroma agus gráinneacha ag baint le taenna de na gráid ghearrtha, stróicthe agus lúbtha.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Nuair a dhéantar an tae, bíonn tathag láidir aige agus siollaí adhmaid thirim, adhmaid ghainimh agus céadair le brath air. Bíonn siollaí braiche, seagairí agus brioscaí air. Bíonn siollaí meala, céarach agus leathair air lena mbaineann siollaí torthaí stofa, prúna agus tamaraine. Bíonn sé idir géar agus mín, lena mbaineann searbhais agus seirbhe, ní bhíonn sé goirt ná miotalach agus ní bhíonn blas an-éadrom úmámaí agus aigéid le brath air.

Athraíonn dath an licéir ó ómra go hócair, mahagaine agus copar lena mbaineann gile agus trédhearcacht.

Tae glas

Ó amhairc, tá cuma néata ar 'Ceylon tea' glas, i ndáil leis na gráid inmhianaithe. Bíonn lí ghlas inmhianaithe, ó mhillíní glasa gléineacha go duilleoga datha glasa níos dorcha, ar na duilleoga tirime. Bíonn méideanna éagsúla i gceist le duilleoga agus cáithníní níos míne.

Nuair a dhéantar é, bíonn siollaí adhmaid thirim mar aon le siollaí féir phlandúil agus feamainne air. Bíonn siollaí adhmaid agus siollaí adhmaid thirim chomh dian céanna le brath ar an táirge, bíonn sé torthaíoch lena mbaineann siollaí citris agus bíonn siollaí bácála agus tóstáilte le brath air.

Bíonn dath buí éadrom ar an licéar lena mbaineann frithchaitheamh glas nó ór mar aon le gile agus trédhearcacht.

Tae geal (lena n-áirítear bioranna airgid agus órga)

Déantar 'Ceylon tea' geal lena n-áirítear bioranna airgid agus órga as na bachlóga duilleog nua fíneáilte ar an bplanda tae a bhfuil cuma ghléineach amhairc orthu idir dath airgid le haghaidh bioranna airgid agus dath geal le haghaidh bioranna órga. Tae geal a dhéantar as an mbachlóg agus duilleoga tae neamhaibí, bíonn fordhath air atá idir geal agus ar dhath an luath agus dá bhrí sin tugtar 'tae geal' air.

Nuair a dhéantar an tae bíonn siollaí planda muirí air lena mbaineann siollaí glasraí cócaráilte agus féir, siollaí torthaíocha lena mbaineann siollaí torthaí cócaráilte, torthaí buí agus torthaí citris agus siollaí bláthacha lena mbaineann siollaí geiréiniam a bhíonn chomh dian céanna.

Athraíonn dath an licéir ó bhuí éadrom go hómra éadrom lena mbaineann gile agus trédhearcacht.

Mar seo a leanas atá próifíl cheimiceach 'Ceylon Tea':

Paraiméadar Ceimiceach	Tae Dubh	Tae Glas	Tae Geal
Cion iomlán polaifeanóil (ISO 14502-1) (%)	14,59 ± 3,44	22,80 ± 2,86	22,63 ± 3,60
Caiféin (ISO 14502-2) (%)	3,07 ± 0,50	2,92 ± 0,51	3,64 ± 1,48
Eastóscán uisce (ISO 9768) (%)	36,86 ± 3,14	41,02 ± 3,04	38,98 ± 3,95
Iomlán na caiticine (ISO 14502-2) (%)	4,42 ± 2,28	15,34 ± 1,28	11,52 ± 5,34

Léirítear leis na sonraí an meánluach le haghaidh paraiméadar ceimiceach ± diall caighdeánach.

Cumasc taenna

Is féidir le 'Ceylon tea' a bheith ina chumasc de thaenna éagsúla, de thionscnamh an limistéir gheografaigh, den chineál céanna (dubh, glas, geal) a chomhlíonann ceanglais na sonraíochtaí.

Taenna blaistithe

Féadfar 'Ceylon tea' a bhlaistiú freisin ar choinníoll go gcomhlánaíonn an próiseas blaistithe saintréithe céadfacha 'Ceylon tea' agus nach gceileann sé iad i dtéarmaí cuma, blais agus blais sa bhéal. Déantar na blasanna is féidir a úsáid a chatagóiriú mar seo a leanas: blasanna nádúrtha, blasanna atá díreach mar an gcéanna le blasanna nádúrtha agus blasanna saorga, mar a leagtar amach sna Sonraíochtaí.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Faightear 'Ceylon tea' ó dhuilleoga tae úra glasa ar ardchaighdeán a fhástar sa limistéar geografach sainithe, ar oileán Shrí Lanca.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach oibríocht saothraithe, cluimhrithe, próiseála agus grádaithe, chomh maith le cumasc agus blaistiú 'Ceylon tea' a dhéanamh sa limistéar geografach a shonraítear i Roinn 4 den doiciméad aonair.

Próiseáil taenna

Bíonn feo, maothú duilleog, aerú agus triomú i gceist le tae dubh a phróiseáil. Áirítear le tae glas a phróiseáil socrú (scagadh amach nó galú), rolladh, triomú agus grádú fad a phróiseáiltear tae geal ó dhuilleoga agus bachlóga tae amháin agus a thriomaítear ansin é go dtí an leibhéal ceart taise.

Grádú taenna

A luaithe a fhástar (a shaothraítear) an tae, a chluimhrítear agus a phróiseáiltear é, sórtáiltear é ina ghráid éagsúla ag an monarcha de réir méide, crutha agus dlúis, ansin glantar agus ullmhaítear é lena mhargú agus lena iompar a thuilleadh. Sonrasctar na gráid sin ansin agus ní mór iad a phacáil i saic pháipéir nó cláir pháipéir. Níor cheart cion taise an táirge deiridh ag geata na monarchan a bheith níos mó ná 6,5 % (meáchan/meáchan, bonn fliuch).

Taenna a chumasc

Is féidir le 'Ceylon tea' a bheith ina chumasc de thaenna éagsúla den chineál céanna (dubh, glas, geal) de thionscnamh an limistéir gheografaigh, agus a chomhlíonann ceanglais na sonraíochtaí. Ní mór an cumasc a dhéanamh i Srí Lanca.

Taenna a bhlaistiú

Is féidir 'Ceylon tea' a bhlaistiú le huasmhéid na comhpháirte blaistithe nach mó ná 25 % de mheáchan iomlán an táirge deiridh é. Ní dhéanfar an cumasc ach i Srí Lanca.

Féadfar an tae a bhlaistiú trí na modhanna seo a leanas a dhéantar agus an tae tirim agus grádaithe:

— olaí cumhráin a spraeáil, a d'fhéadfadh a gcomhdhúile dea-bholaidh a bheith nádúrtha, díreach mar an gcéanna le comhdhúile nádúrtha, nó saorga,

— táirgí a dhíorthaítear ó phlandaí agus/nó táirgí beachaireachta agus/nó gráinníní a chur san áireamh.

Is féidir na modhanna thuas a úsáid ina n-aonar nó le chéile; déantar ola cumhráin a spraeáil ar dtús agus ina dhiaidh sin cuirtear táirgí a dhíorthaítear ó phlandaí agus/nó táirgí beachaireachta agus/nó gráinníní leis an tae.

Féadfar 'Ceylon tea' a bhlaistiú freisin trí phróiseas cumhra ina n-úsáidtear bláthanna úra le linn thriomú na nduilleog.

Ní mór aon bhlas blaistithe breise a bheith comhlántach agus féadfaidh sé cur leis an gcastacht aramatach, ach níor cheart carachtar bunúsach 'Ceylon tea' a dhoiléiriú ná a ionadú. Ní mór blas 'Ceylon tea' a bheith cinntithe ag blastóir tae oilte atá cáilithe ag Sri Lanka Tea Board chun an tae a dheimhniú. I ngach cás, ní mór a áirithiú leis an bpróiseas go mbeidh an táirge críochnaithe fós inaitheanta mar 'Ceylon tea' i dtéarmaí cuma, blais, agus blais sa bhéal.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní féidir an tae a dhíoltar faoin ainm 'Ceylon tea' a phacáil ach amháin i Srí Lanca.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Níl ach na pacáistí ina bhfuil 100 % 'Ceylon tea', mar a shainmhínítear sa doiciméad aonair seo, incháilithe chun an t-ainm 'Ceylon tea' a úsáid.

Ní mór an t-ainm 'Ceylon tea' a bheith le feiceáil go soiléir ar gach pacáiste tomhaltóirí deiridh.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is náisiún oileánda é Srí Lanca atá lonnaithe san Aigéan Indiach, idir domhanleithead ó thuaidh 50 55' agus 90 51' agus domhanfhad idir 790 41' agus 810 53'. Cruth deoire atá ar an oileán agus cumhdaíonn sé achar 64 630 ciliméadar cearnach.

Is iad na 13 cheantar seo a leanas i Srí Lanca na limistéir le haghaidh saothrú, próiseáil agus grádú tae: Badulla, Colombo, Galle, Hambantota, Kalutara, Kandy, Kegalle, Kurunegala, Matale, Matara, Moneragala, Nuwara Eliya, agus Ratnapura.

Ceadaítear cumasc, blastán agus pacáil ar oileán iomlán Shrí Lanca.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☒ clú

☐ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tá an t-iarratas chun 'Ceylon tea' a chlárú bunaithe ar chlú an tae. Tá an clú sin atá air leis na céadta bliain bunaithe ar thraidisiún an táirgthe tae ar oileán Shrí Lanca.

Clú 'Ceylon tea'

Idir 1815 agus 1948, faoi riail na Breataine, tugadh Ceylon ar Shrí Lanca, ainm a coinníodh ar bun ar feadh 24 bhliana tar éis don tír neamhspleáchas a fháil. Tá an t-ainm 'Ceylon tea' in úsáid sa trádáil ó bhí 1880 ann. Aithnítear cáil 'Ceylon tea' go hidirnáisiúnta, a bhuí le hiarrachtaí leanúnacha Sri Lanka Tea Bord. Rinneadh comóradh 150 bliain ar thionscal 'Ceylon tea' in 2017. Léiríodh leis an ngarsprioc sin an clú stairiúil atá ar 'Ceylon tea', rud a sheasann le príomhról Shrí Lanca mar sholáthróir domhanda tae.

Tá cáil ar 'Ceylon tea' as meascán de thréithe céadfacha agus cultúrtha a idirdhealaíonn é ó thaenna eile. I mí na Nollag 2024, thug an suíomh gréasáin neamhspleách tae *Sally Tea Cups* tuairisc ar an 'cáil dhomhanda' a bhaineann le 'Ceylon tea' agus thug sé dá aire a 'dea-bholaithe agus a phróifílí blais ar leith' 'a dhéanann é a dhealú ó thaenna eile amhail tae ón tSín agus ón India'. I mí Eanáir 2025, rinneadh tagairt in *Heal with Tea* don 'cáil' atá ar an táirge as an 'blas úr láidir' atá air, agus dúradh gur 'rogha uathúil i measc taenna' é a bhfuil 'aitheantas domhanda tuillte aige' mar gheall ar 'an blas sainiúil agus an dea-bholadh so-aitheanta' a bhíonn le brath air. I mí na Bealtaine 2025, mhínigh Ricardo R. Matos agus é ag scríobh le haghaidh *The Tea World* 'an fáth a bhfuil Teanna Shrí Lanca i measc na dteanna is fearr ar domhan', agus chuir sé a gcáil i leith 'saothrú cúramach agus próiseáil cheardaíochta a rinne na glúnta roimhe seo' agus a gcumas 'gile agus tathag a chur ar fáil sa chupán'.

Tá 'Ceylon tea' leabaithe go domhain i dtraidisiúin chultúir freisin. I Srí Lanca, is comhartha fáilteachais é cupán tae úrdhéanta a chur ar fáil do chuairteoirí. Go hidirnáisiúnta, tá baint ag 'Ceylon tea' le cultúir tae éagsúla: sa Ríocht Aontaithe, is rogha thraidisiúnta é le haghaidh tae beag; sa Rúis, mar gheall ar an mblas iomlán agus an dath geal atá air, tá sé an-fheiliúnach lena chur i láthair i samabhár; sa tSile, tá sé 'ar cheann de na nithe fíor-riachtanacha ar aon bhord sa tSile [...] i measc na dtaenna is fearr le daoine agus iad ag roghnú cén tae a ólfaidh siad' (aistrithe ón Spáinnis, *Chef&Hotel Coffee&Tea*, mí Dheireadh Fómhair 2023), agus tá baint ag 'Ceylon tea' ach go háirithe le *la once*, an béile laethúil tae agus aráin. Léirítear a aitheantas idirnáisiúnta a thuilleadh le rannpháirtíocht sheanbhunaithe Shrí Lanca in International Tea Day UNESCO, dar le Lankan News Web: 'Chuir Srí Lanca an Ceylon Tea aitheanta atá aige i láthair go bródúil [...], an ceathrú bliain as a chéile di a bheith rannpháirteach san imeacht domhanda mór le rá' (mí an Mheitheamh 2025).

Chomh maith lena mhealltacht chéadfach, tá meas ar 'Ceylon tea' freisin mar gheall ar a chomhábhar amhail frithocsaídeoirí, polaifeanóil, sóidiam, próitéiní agus carbaihiodráití.

Aithníodh an clú leanúnach sin i gcomórtais idirnáisiúnta le 5 bliana anuas, agus bronnadh na duaiseanna seo a leanas ar 'Ceylon tea':

Ainm an chomórtais	Bliain	Teideal an ghradaim
Global Tea Championship	2019	(Spring Hot) Ceylon Open — Lumbini Tea Valley (Pvt) Ltd — Sinharaja Wiry Tips — Bonn Óir
Global Tea Championship	2017	Ceylon Open — Lumbini Tea Estate (pvt) Ltd — Sinharaja Wiry Tips — Bonn Óir
Global Tea Championship	2017	Ceylon low growth — Lumbini Tea Estate (Pvt) td — Lumbini Tea Valley Tippy Eve — Bonn Óir
AVPA	2022	Thés monovariétaux — Diplôme Gourmet — Ceylon Black Pearl — Kaley Tea
Great Taste Awards	2024	The Island of Tea — Special Pure Ceylon Black Tea — 100g Loose Leaf Tea
Great Taste Awards	2024	The Island of Tea Gold — Pure Ceylon Black Tea — 100g Loose Leaf Tea

Ina theannta sin, is bua mór é an turasóireacht taebhunaithe do thionscal turasóireachta an oileáin, rud a chuireann a thuilleadh lena chlú ar leith mar áit saoire a mbíonn tarraingt air. Is minic a bhíonn íomhánna de pháirceanna tae agus de thírdhreacha a bhaineann le tae le feiceáil ar chlúdaigh treoraithe taistil. Go háirithe, cuireadh i dtábhacht sa 10ú heagrán Fraincise (2021) den *Lonely Planet* an Odyssey Blue Train a théann trí phlandálacha tae méithe. Is é 'Ceylon tea' an cuimhneachán is mó a cheannaíonn turasóirí freisin, agus tugann 53,1 % de chuairteoirí abhaile é, figiúir a thaispeánann go bhfuil níos mó tóir air ná mar atá ar lámhcheardaíocht agus oiriúintí, de réir Sri Lanka Tourism Development Authority.

Ina theannta sin, le Conair Pekoe, bealach siúil 300 ciliméadar ar fad a shíníonn trí na hardchríocha agus trí eastáit tae, tugtar ómós do cheann de na gráid de chuid 'Ceylon tea'. Fuair an tionscnamh seo aitheantas idirnáisiúnta, bhuaigh sé an gradam Best Wider World Tourism Project 2023 ón British Guild of Travel Writers agus thuill sé áit ar an liosta de chuid *National Geographic* 'Top 20 Travel Experiences' le haghaidh 2024 agus ar an liosta de chuid *Time* 'World's Greatest Places 2025'.

Tosca nádúrtha

Tá dlúthnasc idir cáilíocht 'Ceylon tea' agus an limistéar geografach. Tugann aeráid, ithir agus topagrafaíocht an limistéir gheografaigh theorannaithe a thréithe fisiceacha agus orgánaileipteacha araon do 'Ceylon tea'.

Baineann sainiúlachtaí agra-aeráide 'Ceylon tea' leis an éagsúlacht thábhachtach aeráide i limistéir ina bhfástar tae. Leanann báisteach patrúin shéasúracha ar leith, arb é an monsún Thiar Theas is mó is cúis léi ó mhí na Bealtaine go mí Mheán Fómhair, agus an monsún Thoir Thuaidh ó mhí na Nollag go mí Feabhra. Bíonn báisteach idirmhonsúnach ann i mí an Mhárta, i mí Aibreáin, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, agus titeann sí ar fud an oileáin. Bíonn tionchar mór ag méid agus dáileadh na báistí ar tháirgiúlacht tae, agus bíonn fíorbheagán laethanta gan bháisteach sa chrios fliuch gach bliain. Ina theannta sin, bíonn solas na gréine le brath sa limistéar geografach sainithe an méid is mó is féidir mar gheall ar na dálaí agra-aeráide, a fhágann go mbíonn meánfhad bliantúil 4,9 agus 6,4 uair an chloig de sholas na gréine in aghaidh an lae.

Saothraítear 'Ceylon tea' ag airdí ó leibhéal na mara go hairdí arda (os cionn 1 200 méadar). In earnáil an tae, is gnách tagairt a dhéanamh do limistéir fáis 'Ceylon tea' de réir a n-airde, is é sin: an 'tír íochtarach (idir leibhéal na farraige agus 600 m), an 'tír láir' (600 m agus 1 200 m) agus an 'tír uachtarach' (os cionn 1 200 m).

Cruthaíonn an topagrafaíocht chasta, mar aon le patrúin aimsire athraitheacha i gcaitheamh na bliana, dálaí fabhracha le haghaidh saothrú tae, rud a fhágann go dtáirgtear é ó cheann ceann na bliana.

Tosca daonna

Forbraíodh clú ‘Ceylon tea’ trí iarrachtaí leanúnacha daoine a fhorbraíonn saineolas gnó sonrach, atá dírithe ar tháirgeadh ardcháilíochta a áirithiú ag gach céim den phróiseas monaraíochta.

Cluimhriú — Déantar an chuid is mó de ‘Ceylon tea’ a bhuain nó a chluimhriú de láimh. Bíonn an-scil ag na cluimhrithe tae i gcineálacha éagsúla teicnící chun na duilleoga maithe atá le cluimhriú a shainaithint, táirgiúlacht an toir thae a chothú, agus tacú le cothabháil na dtom tae.

Monaraíocht tae — Is toradh é cáilíocht ‘Ceylon tea’ ar líonra fairsing monarchana tae, a d’fhorbair próiseas monaraíochta tae de réir a chéile chun dálaí nádúrtha, agranamaíocha, lóistíochta agus eacnamaíocha a bharrfheabhsú. Is oidhreacht é an t-innealra laistigh de na monarchana sin, a bhfuil 150 bliain de shaineolas i gceist léi. Tá prionsabail mhonaraíochta ‘Ceylon tea’ comhdhlúite ag Tea Research Institute (TRI) of Sri Lanka, go háirithe tríd an sraith *Monographs on Tea Production in Ceylon*.

Cumasc agus Blaistiú Tae — Tá sainiúlacht ‘Ceylon tea’ le feiceáil sa raon leathan blasanna a thagann ó éagsúlacht na réigiún agrai-éiceolaíoch. Mar thoradh air sin, tá saineolas aitheanta forbraithe ag an earnáil ‘Ceylon tea’ maidir le tae a shainaithint agus a chumasc, chun an chuma, na cáilíochtaí agus na siollaí aramatacha inmhianaithe a fháil sa deoch deiridh. Tá ról tábhachtach ag blastóirí tae i monarchana, i mbróicéirí agus i dtithe easpórtála. Ina theannta sin, is doiciméad éigeantach í an bhileog chumaisc, nach mór a chur faoi bhráid Sri Lanka Tea Board sula n-onnmhairítear an tae. Liostaítear i mbileog chumaisc na taenna éagsúla ó Shrí Lanca a mheasctar le chéile, mar aon le blasanna agus a gcainníocht faoi seach.

Tagairt d’fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://srilankateaboard.lk/wp-content/uploads/2025/09/Geographical-Indication-Product-Specification.pdf